



An Coimisiún um Thodhchaí na Meán The Future of Media Commission

Coimisiún um Thodhchaí na Meán

2ú Cruinniú - Déardaoin, an 12 Samhain 2020
Mhiontuairiscí

I láthair:

Comhaltaí an Choimisiúin:

- An tOllamh Brian Mac Craith (Cathaoirleach)
- Sinéad Burke Uasal
- An tOllamh Gillian Doyle
- An Dr. Finola Doyle O'Neill
- Lynette Fay Uasal
- Siobhán Holliman Uasal
- Mark Little Uasal
- Stephen McNamara Uasal
- Nuala O'Connor Uasal
- Alan Rusbridger Uasal

Rúnaíocht:

- Andrew Munro, Rúnaí don Choimisiún um Thodhchaí na Meán, Roinn an Taoisigh
- Cathal O'Regan, Roinn an Taoisigh
- Elizabeth Lyne, Roinn an Taoisigh
- John Murray, Roinn an Taoisigh
- Patricia Murphy, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Triona Quill, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Mary Mooney, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán



An Coimisiún um Thodhchaí na Meán The Future of Media Commission

1. Miontuairiscí an Chruinnithe Roimhe seo

Aontaíodh miontuairiscí an chéad chruinnithe de chuid Choimisiúin um Thodhchaí na Meán an 29 Deireadh Fómhair. Foilseofar iad ar an láithreán gréasáin.

2. Nuashonrú ar Cháipéis na bPríomhcheisteanna

Phléigh an Coimisiún cáipéis na bPríomhcheisteanna leasaithe. Tugadh ar aird an tagairt do "inrochtana agus cothrom" agus tugadh ceadú ina leith. Ceadaíodh an téacs leasaithe faoi réir go ndéanfaidh an Rúnaíocht tagairt faoi mar is féidir a fhoghlaim ón bhforbairt atá tagtha ar na Meáin Seirbhíse Poiblí le deich mbliana anuas a chuimsiú chomh maith le haon choigeartuithe a theastaigh a dhéanamh mar gheall ar leasuithe a rinneadh ar an gcáipéis Sainmhínithe Oibre.

3. Dréachtachóimre ar Struchtúr na Tuairisce agus ar Phlean Oibre

Thug an Rúnaí ar aird gur chun críche míniú níos mó a thabhairt ar na Príomhcheisteanna a bhí an Dréachtachóimre ar Struchtúr na Tuairisce chomh maith le treoir a thabhairt don Rúnaíocht i dtaobh an plean oibre a bhainistiú don Choimisiún. Cáipéis bheo í a athrófar de réir mar a dhéantar obair an Choimisiúin a thabhairt chun cinn.

Rinne comhaltaí an Choimisiúin roinnt moltaí chun leasuithe a dhéanamh ar an gcáipéis chomh maith le nithe breise a chur léi a chuimseoidh an Rúnaíocht sa chéad leagan eile.

4. Dréachtsainmhíniúcháin / Dréacht-téarmaíocht Oibre

Rinne an Coimisiún an cháipéis Dréachtsainmhínithe oibre a mheas. Mhol comhaltaí an Choimisiúin leasuithe ar shainmhíniú oibre "Poiblí" agus "Ábhar Seirbhíse Poiblí" a aontaíodh faoi réir na leasuithe sin a chuimsiú.

Moladh leasuithe ar shainmhíniú "meáin seirbhíse poiblí", agus ar shainmhíniú a bhaineann le téarmaí gaolmhara eile. Cuirfidh an Rúnaíocht nóta leasaithe timpeall maidir leis na sainmhíne seo lena bhreithniú a thuilleadh.

5. Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

Chuir an Rúnaíocht in iúl go dtiocfadh athrú ar an gcur chuige beartaithe i ndáil le rannpháirtíocht phoiblí i bhfianaise an fhreagra a fuarthas ar an gcéad ghlaoch ginearálta d'aighneachtaí.

Rinne comhaltaí an Choimisiúin roinnt moltaí do rannpháirtíocht a fhorbairt a chinnteoidh go rachfaí i gcomhairle le grúpaí a bhfuil sé deacair teagmháil a dhéanamh leo, go bhféadfaí tuairimí macánta iriseoirí a fháil gan amhras a bheith faoin tionchar a thiocfadh



An Coimisiún um Thodhchaí na Meán The Future of Media Commission

as sin, go mbeadh na bealaí rannpháirtíochta inrochtana agus go sáróidís na gnáthchur chuige aighneachta scríofa agus seimineáir foirmeálta.

D'iarr an Coimisiún go ndéanfaí an chéad chuireadh maidir le rannpháirtíocht a dhéanamh a fhógairt ar fud na meán réigiúnach, do ndéanfaí sin go dhátheangach agus ar bhealach tarraingteach agus spreagúil, agus go ndéanfaí teagmháil gníomhach leis an réimse is leithne páirtithe leasmhara agus a d'fhéadfaí agus iad a spreagadh dul i mbun rannpháirtíochta. Cheadaigh an Coimisiún an cur chuige achoimrithe chuig an gcéad chomhchomhairliúchán, faoi réir na gcoinníollacha sin.

6. Dréachtchreat taighde ar fhoinsí agus bearnaí maidir le mar atá cúrsaí i láthair na huaire

Rinne an Coimisiún an dréachtchreat taighde ar fhoinsí agus bearnaí maidir le mar atá cúrsaí i láthair na huaire a mheas. Thug comhaltaí ar aird go dtabharfaí an cháipéis i dtreo shonraíocht ar thaighde a bheidh le coimisiúnú. Tugadh cuireadh do chomhaltaí a gcuid a dhéanamh maidir leis an tsonraíocht a fhorbairt.

7. Sceideal do Chruinnithe amach anseo

Aontaíodh an sceideal beartaithe do Chruinnithe.